EUROPEAN DEFENCE AGENCY

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM CHOSAINT

AN MOL LE hAGHAIDH CHOMHAR COSANTA AE

Cruthaíodh í in 2004 chun **tacú le comhar cosanta san Eoraip agus é a éascú**, agus is í an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) an áit anois inar féidir le tíortha ar mian leo a gcumais cosanta a fhorbairt amhlaidh a dhéanamh ar bhealach comhoibríoch.

Clúdaítear **speictream iomlán an chomhair** i saineolas agus i ngníomhaíochtaí GEC: idir cheanglais a chomhchuibhiú agus chumais oibriúcháin a sholáthair; idir thaighde agus teicneolaíocht (T&T) agus nuálaíocht agus taispeántóirí teicneolaíochta a fhorbairt; idir oiliúint agus cleachtaí agus oibríochtaí CBSC.

Oibríonn GEC go dlúth le **tionscal cosanta na hEorpa** chomh maith chun feabhas a chur ar bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta agus cuidiú leis an tionscal a dhéanamh níos láidre agus níos iomaíche.

Tá ról agus tionchar na Gníomhaireachta ag **méadú i gcónaí**, go háirithe le cur chun feidhme Straitéis Dhomhanda AE (2016) lenar treoraíodh Ballstáit chun misean na Gníomhaireachta a neartú chomh maith in 2017.

Bunaíodh i in 2004
mar Ghníomhaireacht de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus tá sí lonnaithe sa Bhruiséil;

Tá +- 180 ball foirne
agus líonra de thart ar 2,500 saineolaí náisiúnta inti;

26 Ballstát
(gach tír AE ach amháin an Danmhairg);

Socruithe Riaracháin
leis an Iorua, an Eilvéis, an tSeirbia, an Úcráin;

Tá sí á bainistiú ag an bPríomhfheidhmeannach **Jiří Šedivý** faoi údarás **Josep Borrell**, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

EUROPEAN DEFENCE AGENCY

Inniu, 15 bliana ó bunaíodh í,
tá GEC bunaithe aici féin mar na rudaí seo a leanas:

2004-2020



Ardán le haghaidh chomhar cosanta AE

› tairgeann GEC ardán dá Ballstáit le páirt a ghlacadh i dtionscadail ilnáisiúnta um chumas: idir phleanáil, taighde agus caighdeánú agus forbairt, soláthar agus oiliúint;

› beag agus solúbtha, oibríonn an Ghníomhaireachta ar bhonn 'à la carte': Is féidir le Ballstáit roghnú de réir an cháis cibé acu an nglacfaidh siad páirt i dtionscadail nó nach nglacfaidh. Bainistíonn GEC i bhfad níos mo ná 100 clár agus tionscadal um thaighde agus um chumas faoi láthair, agus níos mó ná 200 gníomhaíocht a bhaineann le forbraíocht cumais, taighde agus teicneolaíoch agus an tionscal cosanta.

Ailtire le haghaidh thosaíochtaí cumais AE

› dhearbhaigh na Ballstáit ról GEC mar 'phríomhuirlis tosaíochta ar leibhéal AE chun tacú le forbraíocht cumais chosanta' in 2017. Tá sí ríthábhachtach lena chinntiú go ndíreofar forbraíocht um chumas comhoibríoch ar riachtanais oibriúcháin arna sainaithint ag na Fórsaí Armtha;

› spreagann an Ghníomhaireacht an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar Phlean Forbraíochta um Chumas AE - lena dtreorófar pleanáil cosanta náisiúnta na mBallstát agus a fheidhmeofar mar an bpríomhthagairt le haghaidh ionstraimí cosanta AE - chomh maith leis an gClár Oibre Straitéiseach Uileghabhálach um Thaighde (OSRA) agus na Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha (KSA).

Guth míleata i mbeartas eile AE

› thug na Ballstáit an sainchúram do GEC a bheith ina héascaitheoir don Choimisiún Eorpach agus do Ghníomhaireachtaí AE agus chun gníomhú mar an gcomhéadan míleata chun leas a bhaint as beartais AE i gcoitinne ar mhaithe leis an gcosaint. Déanann an Ghníomhaireacht é sin i bhfearainn éagsúla, go háirithe mar:

›› comhéadan míleata i gcur chun feidhme bheartais AE um Aerspás Eorpach Aonair agus um chibearshlándáil;

›› feidhmeoir Fhóram Comhairliúcháin an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe san Earnáil Cosanta agus Slándála;

›› idirghabhálaí do Bhallstáit ar mian leo tionchar reachtaíocht AE maidir le ceimiceáin (REACH) ar an gcosaint a laghdú.

Bainisteoir AE um thaighde ar chosaint

› déanann GEC Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR) an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme agus a bhainistiú faoi láthair, a bhfuil an bealach á ullmhú acu le haghaidh Clár Eorpach um Thaighde Cosanta faoin gCiste Eorpach Cosanta amach anseo ó 2021 i leith;

› bailíonn 12 ghrúpa Teicneolaíochta Cumais (CapTech) saineolaithe ó na Ballstáit, ón tionscal agus ó eagraíochtaí taighde le chéile. Tríothu siúd, rinne GEC bainistíocht ar bheagnach 200 tionscadal taighde agus teicneolaíochta ó 2004 i leith.



Cur i láthair oiliúna AE le haghaidh níos mó idir-inoibritheachta

› eagraíonn GEC oiliúint/cleachtaí ilnáisiúnta chun feabhas a chur ar idir-inoibritheacht idir trúpaí na mBallstát agus an trealamh míleata i bhfearainn éagsúla amhail héileacaptair, aeriompar, Bearta in aghaidh Feistí Pléascacha Seiftithe (C-IED), ionsamhlú oiliúna RPAS, cibearchosaint, Bainisteoirí Fuinnimh Chosanta.

Coimeádaí an chomhleanúnachais

› Ó 2016 i leith, tá roinnt uirlisí nua um chomhar cosanta curtha i bhfeidhm ag AE: an Plean athbhreithnithe Forbraíochta um Chumas, an tAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe maidir le Cosaint, an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) agus an Ciste Eorpach Cosanta;

› tá na hionstraimí sin ar fad idirnasctha lena chéile; leis an bPlean athbhreithnithe Forbraíochta um Chumas sainaithnítear tosaíochtaí maidir le cumas; soláthraítear leis an Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe um Chosaint forléargas ar na cumais reatha san Eoraip agus sainaithnítear leis deiseanna um chomhar; le PESCO tairgtear roghanna ar bhealaí inar féidir tosaíochtaí maidir le cumais a fhorbairt ar bhealach comhoibríoch; agus leis an gCiste Eorpach Cosanta soláthraítear maoiniú do AE le haghaidh tionscadail cosanta chomhoibríocha;

› caithfidh na huirlisí go léir teacht le chéile agus idirghníomhú le chéile ionas go n-oibreoidh an córas uile. Tá ról lárnach ag an gCiste Eorpach Cosanta chuige seo: tá ról aige i ngach ceann de na tionscnaimh nua um chosaint, agus cinntítear comhleanúnachas ina measc leis, lena n-áirítear comhleanúnachas le ECAT.

Grafaicí: Noun Project © priyanka © useiconic.com © gilbert bages © Andreas Vögele © Tomasz Pasternak © kareemovic © AdbA Icons © Gregor Cresnar © Roman J. Sokolov © Aiden Icons © Ryan Beck © thirddesign © Vectors Market © anbileru adaleru © Myart